Cé atá cáilithe chun a bheith páirteach i dtogra LIFE?

Féadann eagraíocht phoiblí nó phríobháideach ar bith san AE leas a bhaint as LIFE mar thairbhí comhordaitheach nó mar thairbhí gaolmhar. Is féidir le heagraíocht atá bunaithe lasmuigh den AE a bheith ina tairbhí comhordaitheach ar choinníoll go bhfuil comhaontú ar leith ag do thír leis an AE (féach airteagal 5 de Rialachán LIFE). Ní féidir le heintitis dhlíthiúla ó thíortha lasmuigh den AE a bheith ina dtairbhithe gaolmhara ach amháin má tá an tairbhí comhordaitheach bunaithe san AE. Ina theannta sin ní mór gá a bheith leis na gníomhaíochtaí as a bhfuil siad freagrach agus atá ag tarlú lasmuigh den AE, chun cuspóirí comhshaoil/aeráide de chuid an AE a bhaint amach agus chun a chinntiú go bhfuil idirghabhálacha a dhéantar laistigh den AE éifeachtach (féach alt 6).

Cá rachaidh airgead LIFE?

Tá €3.46 billiún leathdháilte ar LIFE. As an méid sin caithfear €2.59 billiún ar an bhfochlár Comhshaoil agus €0.86 billiún ar an bhfochlár Gníomhú ar son na hAeráide. Tá €2.8 billiún ar a laghad (81% den bhuiséad iomlán) curtha ar leataobh do thionscadail LIFE a mhaoinítear trí dheontais gnímh nó trí ionstraimí airgeadais nuálacha. Caithfear tuairim is €0.7 billiún ar thionscadail chomhtháite. Úsáidfear 55% ar a laghad de na hacmhainní buiséid atá leithdháilte ar thionscadail a dtacaítear leo le deontais gnímh faoin bhfochlár Comhshaoil i gcomhair tionscadal a thacóidh le caomhnú an nádúir agus na bitheagsúlachta. Úsáidfidh an AS Comhshaoil agus an AS um Ghníomhú ar son na hAeráide €0.62 billiún ar a mhéid le haghaidh forbairt beartais agus deontais oibríochta.

Tá na méideanna atá ar fáil do thionscadail go ceann ceithre bliana socraithe sa clár oibre LIFE ilbhliantúil don tréimhse 2014-2017. Leanfar de bheith ag cur leithdháiltí táscacha do gach Ballstát i bhfeidhm i ndáil le gach cineál tionscadail (ach amháin tionscadail chomhtháite) a roghnófar faoin bhfochlár Comhshaoil go dtí 2017. Ina dhiaidh sin bunófar an rogha ar fhiúntas.

Cé a bhainistíonn LIFE?

Is é an Coimisiún Eorpach (an AS Comhshaoil agus an AS um Ghníomhú ar son na hAeráide) a bhainistíonn an clár LIFE. Tá cur i ngníomh mórán comhpháirteanna an chláir LIFE tarmligthe don nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (EASME). Tugann foirne um roghnú seachtrach, monatóireacht agus cumarsáid cúnamh don gCoimisiún agus d'EASME. Beidh an dá hionstraim airgeadais nua (NCFF agus PF4EE) á mbainistiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

KH-02-14-418-GA-N

Conas is féidir liom tuilleadh a fhoghlaim faoi LIFE?

Léigh an bhileog seo.

Tabhair cuairt ar shuíomh idirlín LIFE:
http://ec.europa.eu/life.

Cuir eolas ar gach tionscadal LIFE:
http://ec.europa.eu/environment/life/project/Projects/index.cfm

Cuir eolas ar LIFE de réir tíre:
http://ec.europa.eu/environment/life/countries/index.htm

Léigh an Rialachán LIFE:
http://ec.europa.eu/environment/life/about/index.htm#life2014

Léigh Clár Oibre Ilbhliantúil LIFE:
http://ec.europa.eu/environment/life/about/index.htm#mawp

Déan teagmháil leis an bPointe Teagmhála Náisiúnta:
http://ec.europa.eu/environment/life/contact/nationalcontact/index.htm

Déan teagmháil le EASME:
easme-life@ec.europa.eu

Déan teagmháil leis an gCoimisiún Eorpach:
env-life@ec.europa.eu; clima-life@ec.europa.eu

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2014

ISBN 978-92-79-40785-7
doi:10.2779/33614

© An Aontas Eorpach, 2014
Tá ataírgeadh údaraithe ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse

Oifig na bhFoilseachán

An Coimisiún Eorpach

© LIFE06 NAT/B/000085/Marc Slootmaekers

An Clár LIFE

Is é an clár LIFE ionstraim maoinithe an AE don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide. Cuirfidh sé €3.46 billiún ar fáil mar thacaíocht idir 2014 – 2020.

ec.europa.eu/life

Comhshaol

Clár LIFE nua

Tá an clár LIFE, ionstraim airgeadais an AE don chomhshaol, ag cómhaoiniú tionscadail chaomhnaithe nádúir, chomhshaoil agus aeráide i gcónaí tar éis dó ar an bhfód le 22 bhliain anuas, tréimhse inár caitheadh €3.4 billiún ar 4 170 tionscadal.

Clár níos mó

Tá an buiséad LIFE don tréimhse 2014-2020 níos mó ná riamh roimhe: €3.46 billiún.

Clár atá ag fabhrú

Mar aon leis na gnáth-thionscadail LIFE tá ceithre chinn de chineáil nua tionscadail (comhtháite, cúnamh teicniúil, tógáil inniúlachta, réamhullmhúchán) chomh maith le dhá ionstraim airgeadais (Áis Airgeadais um Chaipiteal Nádúrtha, Airgeadas Príobháideach um Éifeachtúlacht Fuinnimh).

Bí páirteach – cuir togra LIFE isteach!

Cuirtear glao ar thograí tionscadail amach gach bliain:
http://ec.europa.eu/environment/life/funding/life.htm

© LIFE08 ENV/E/000101

Dá fhochlár LIFE: Comhshaol agus Gníomhú ar son na hÁeráide

Tá trí réimse tosaíochta ag an bhfochlár don Chomhshaoil:

Sa réimse tosaíochta **Comhshaoil agus Éifeachúlacht Acmhainne** déanfar cuir chuige, dea-chleachtais, réitigh agus cuir chuige chomhtháite i leith dúshláin chomhshaoil a fhorbairt, a thástáil agus a thaispeáint. Lena chois sin feabhsófar an bunachar eolais a bhaineann leis an réimse seo.

Sa réimse tosaíochta **Dúlra agus Bithéagsúlachta** déanfar dea-chleachtais, réitigh agus cuir chuige chomhtháite a chuirfidh le forbairt an bheartais nádúir, bithéagsúlachta agus le reachtaíocht i leith na nithe seo a fhorbairt, a thástáil agus a thaispeáint. Lena chois sin feabhsófar an bunachar eolais a bhaineann leis an réimse seo.

Sa réimse tosaíochta **Rialachais Chomhshaoil agus Faisnéise Chomhshaoil** cuirfear múscailt feasachta ar ghnóthaí comhshaoil chun cinn, tacófar le cumarsáid, bainistíocht agus scaipeadh faisnéise faoi chúrsaí comhshaoil agus cuirfear rialachas comhshaoil níos fearr chun cinn trí rannpháirtíocht luchtanna leasa a mhéadú.

© LIFE00 ENV/IT/000012

© LIFE09 ENV/IT/000226/Helge Bauer

Tá trí réimse tosaíochta ag an bhfochlár do Ghníomhú ar son na hÁeráide:

Cuirfidh an réimse tosaíochta maidir le **Maolú ar an Athrú Aeráide** le laghdú astuithe gháis cheaptha teasa, go háirithe trí chúnamh a thabhairt i leith cur i ngníomh agus forbairt beartais agus reachtaíochta ina thaobh seo, trí feabhas a chur ar an mbunachar eolais, trí chur chuige chomhtháite a fhorbairt agus trí teicneolaíochtaí, córais, modhanna oibre agus ionstraimí nuálacha a fhorbairt agus a thaispeáint.

San an réimse tosaíochta maidir le **hOiriúnú don Athrú Aeráide** tacófar le hiarrachtaí chun athléimneacht i leith athrú aeráide a fheabhsú, go háirithe trí chúnamh a thabhairt i leith cur i ngníomh agus forbairt beartais agus reachtaíochta ina thaobh seo, trí feabhas a chur ar an mbunachar eolais, trí chur chuige chomhtháite a fhorbairt agus trí teicneolaíochtaí, córais, modhanna oibre agus ionstraimí nuálacha a fhorbairt agus a thaispeáint.

Leis an réimse tosaíochta maidir le **Rialachas Aeráide agus Faisnéis Aeráide** cuirfear múscailt tuisceana ar chúrsaí aeráide chun cinn, tacófar le cumarsáid, bainistiú agus scaipeadh eolais faoin aeráid, cuirfear géilliúlacht níos éifeachtaí le reachtaíocht aeráide chomh maith le rialachas aeráide níos fearr chun cinn trí rannpháirtiú na luchtanna leasa a mhéadú.

Réimse mhéadaithe tionscadal LIFE

Aithnítear i ngach áit go bhfuil ráth mór ar thionscadail "thraidisiúnta" de chuid LIFE, is é sin, tionscadail Nádúir, Bithéagsúlachta, Comhshaoil agus Faisnéise de chuid LIFE. Leanfaidh na tionscadail dea-chleachtais, taispeántais, trialach agus múscailt feasachta seo ar aghaidh ach tá fochlár nua iomlán maidir le gníomh aeráide ag gabháil leo - ceithre chineál nua tionscadail (comhtháite, cúnamh teicniúil, tógáil inniúlachta, réamhullmhúchán) mar aon le dhá ionstraim airgeadais (Áis Airgeadais um Chaipiteal Nádúrtha, Airgeadas Príobháideach um Éifeachtúlacht Fuinnimh).

I d**tionscadail dhea-chleachtais** baintear úsáid as teicníochtaí, modhanna agus cuir chuige chuí, úrnua atá éifeachtach ó thaobh costais de agus cuirtear comhthéacs ar leith an tionscadail san áireamh.

I d**tionscadail taispeántais** déantar gníomhartha, modheolaíochtaí nó cuir chuige nach raibh ann roimhe nó nach bhfuil eolas orthu go fóill i gcomhthéacs ar leith an tionscadail a chur i ngníomh, a thástáil, a mheas agus a scaipeadh, m. sh. sna comhthéacsanna geografacha, éiceolaíocha, sóch-eacnamaíocha agus d'fhéadfaí iad a úsáid in áiteanna eile.

I d**tionscadail thrialacha** baintear úsáid as teicníocht nó modh nár úsáideadh go dtí seo ná in aon áit eile. Tá acmhainneacht acu buntáistí comhshaoil nó aeráide a thabhairt i gcomparáid le dea-chleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair agus is féidir leas a bhaint astu ar scála níos mó i gcúinsí den sórt seo ina dhiaidh sin.

Le **tionscadail faisnéise, feasachta agus scaipthe** tacaítear le cumarsáid, scaipeadh faisnéise agus múscailt feasachta ar mhaithe le Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide.

Is é an t-uasráta cómhaoinithe i dtaobh na gceithre chineál tionscadail tosaigh seo ná 60% sa tréimhse 2014-2017 agus 55% sa tréimhse 2018-2020. I gcás tionscadal LIFE Nádúir agus Bithéagsúlachta tá uasráta cómhaoinithe 60% i bhfeidhm sa tréimhse ar fad ó 2014-2020 agus oiread is 75% más ar speicis nó gnáthóga tosaíochta atá siad dírithe.

I d**tionscadail chomhtháite** cuirtear pleananna nó straitéiseacha comhshaoil nó aeráide i ngníomh ar scála críche (go réigiúnach, il-réigiúnach, náisiúnta, tras-náisiúnta) atá éigeantach de réir reachtaíochta comhshaoil nó aeráide ar leith de chuid an Aontais, go háirithe i réimsí an nádúir, uisce, dramhaíola, aeir agus maidir le maolú athrú aeráide agus oiriúnú d'athrú aeráide. Cinntítear leo go bhfuil luchtanna leasa rannpháirteach agus cuirtear comhordú agus úsáid foinse maoinithe ábhartha amháin eile ar a laghad chun cinn, m. sh. foinse náisiúnta, príobháideach nó foinse de chuid an Aontais. Uasráta cómhaoinithe = 60%.

Le **tionscadail chúnaimh theicniúil** cuirtear deontais ghníomhaíochta ar fáil chun cabhrú le hiarrthóirí tionscadail chomhtháite a ullmhú. Uasráta cómhaoinithe = 60%.

I d**tionscadail um thógáil inniúlachta** cuirtear deontais gnímh ar fáil chun a chur ar chumas Ballstát rannpháirtíocht níos éifeachtaí a bheith acu sa Chlár LIFE. Uasráta cómhaoinithe = 100%.

Le **tionscadail réamhullmhúcháin** tacaítear le sainriachtanais maidir le forbairt agus cur i ngníomh beartais agus reachtaíocht chomhshaoil nó aeráide de chuid an Aontais. Uasráta cómhaoinithe = 60%.

Le **deontais oibriúcháin** tacaítear le costais oibríochta agus riaracháin atá ag eagraíochtaí neamhbhrabúis atá ag obair i réimse an chomhshaoil nó aeráide ag leibhéal an AE. Uasráta cómhaoinithe = 70%.

Ionstraim airgeadais nua is ea an **Áis Airgeadaithe um Chaipiteal Nádúrtha**. Cuireann sé deiseanna airgeadais ar fáil mar iasachtaí nó mar infheistíochtaí gnáthscaireanna le haghaidh tionscadal trialach a ghineann ioncam nó a shábhálann costais agus a chuireann caomhnú caipitil nádúrtha chun cinn. Áirítear leis seo tionscadail le haghaidh oiriúnú d'athrú aeráide.

Is é **Airgeadas Príobháideach um Éifeachtúlacht Fuinnimh** (**PF4EE**) ann ná ionstraim airgeadais nua a thabharfaidh iasachtaí do thionscadail éifeachtúil fuinnimh a dtugtar tús áite dóibh i bPleananna Gnímh Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh.

© LIFE09 NAT/LT/000223/Zymantas